Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13252/25**

**PECHE 292**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 523 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2017/1004 a bhaineann le creat Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 523 final.

Faoi iamh: COM(2025) 523 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2025
COM(2025) 523 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2017/1004 a bhaineann le creat Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunaítear creat Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh. Tugann sé de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Le hAirteagal 4(1) den Rialachán sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta mionsonraithe de cheanglais sonraí a bhunú chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[2], ar cuid den chlár ilbhliantúil é[3], a bhaint amach.

## 2. BUNÚS DLÍ

De réir Airteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2017/1004, tugtar an tarmligean chuig an gCoimisiún ar feadh tréimhse 3 bliana, dar tús an 10 Iúil 2017. Cuirtear síneadh go hintuigthe le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhsí 3 bliana, seachas má chuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

I gcomhréir le hAirteagal 24(2), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí sula rachaidh an cumhachtú in éag. Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid sin.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Níor bhain an Coimisiún úsáid as a chumhacht tharmligthe le 3 bliana anuas, is é sin 2022-2024, toisc go bhfuil Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún[4] an 27 Aibreán 2021, lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022, fós i bhfeidhm agus gur féidir leis freastal ar cheanglais atá ag teacht chun cinn a bhuí lena chineál neamh-uileghabhálach.

---

1 Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (athmhúnlú) (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1004/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

3 De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2017/1004, tá an chuid eile den chlár ilbhliantúil le glacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

4 Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022 (IO L 253, 16.7.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2021/1167/oj).

Cé nach bhfuil dáta deiridh sa chlár ilbhliantúil ar a scoirfidh an clár sin d'fheidhm a bheith aige nó de bheith bailí, féadfar é a athbhreithniú amach anseo chun freastal ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn, agus chun a raon feidhme a oiriúnú d'athruithe ar phróifílí iascaigh agus ar cheanglais bheartais, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr.

Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur gá síneadh a chur go hintuigthe le fad an chumhachtaithe toisc go bhféadfadh sé go mbeadh air gníomhartha tarmligthe ina dhiaidh sin a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.